Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim agus CBL

## Bileog Oibre Cánach Ioncaim 2



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cás-Staidéar 1

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2024, thuill Shane an t-ioncam fostaíochta agus an t-ioncam cíosa seo thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €24,420
- Glanioncam cíosa Éireannach Sceideal D Cás V de €6,000

**1.** 1. An gá do Shane clárú le haghaidh Cáin Ioncaim ag tosú ón mbliain 2024? **Is gá / Ní gá**

**2.** Más gá, conas a d'fhéadfadh Shane clárú le haghaidh Cáin Ioncaim?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**3.** An gá do Shane Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) a chur isteach le haghaidh 2024? **Is gá / Ní gá**

**4.** Más gá, cén dáta a mbeadh ar Shane an Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) le haghaidh 2024 a chur isteach?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

# Cás-Staidéar 2

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2024, bhí Aisha fostaithe ag a cuideachta ABC Ltd. agus thuill sí ioncam féinfhostaithe mar ghruagaire. Tá miondealú ar a hioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €45,240
- Ioncam glan Sceideal D Cás V de €4,500

**1.** An gá d'Aisha clárú le haghaidh Cáin Ioncaim ag tosú ón mbliain 2024? **Is gá / Ní gá**

**2.** An gá d'Aisha Réamhcháin a íoc le haghaidh 2025? **Is gá / Ní gá**

## Cás-Staidéar 3

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2024, bhí Somto fostaithe ag Ireland Ltd. agus thuill sé ioncam féinfhostaithe mar chuntasóir gairmiúil. Tá briseadh síos dá ioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €15,965
- Ioncam comhlán cíosa Éireannach Sceideal D Cás V de €49,200

Chuir Somto a Thuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe isteach ar an 14 Nollaig 2025

1. An gá do Somto Tuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe (Foirm 11) a thíolacadh le haghaidh 2024? **Is gá / Ní gá**
2. Más gá, ar chuir Somto an Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) isteach le haghaidh 2024 ar nó roimh an spriocdháta íoca agus tíolactha? **Chuir / Níor chuir**
3. Mura gcuirtear isteach é ar nó roimh an spriocdháta íoca agus tíolactha, an mbeidh formhuirear (táille sa bhreis) i bhfeidhm? **Beidh / Ní bheidh**
4. Má chuirtear formhuirear €786 i bhfeidhm ar dhliteanas cánach Somto €15,724, déan ríomh ar an méid cánach atá le híoc ag Somto, lena n-áirítear an formhuirear.

______________________________________________

______________________________________________

## Cás-Staidéar 4

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2024, bhí Aoife fostaithe ag XYZ Ltd. agus bhí ioncam ó chíos eachtrach aici. Tá briseadh síos ar a hioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €42,150
- Glanioncam cíosa eachtracha Sceideal D Cás III de €14,650

Thíolaic Aoife a Tuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe (Foirm 11) agus rinne sí íocaíocht maidir lena dliteanas cánach amuigh ar an 2 Feabhra 2026.

1. An ndearna Aoife an íocaíocht as a dliteanas cánach gan íoc in am? **Rinne / Ní dhearna**
2. Sa chás nach ndearna Aoife an íocaíocht as a dliteanas cánach gan íoc in am, an mbeidh ús i bhfeidhm? **Beidh / Ní bheidh**
3. Má chuirtear ús €131 i bhfeidhm ar dhliteanas cánach Aoife €4,347, déan ríomh ar dhliteanas cánach iomlán Aoife, an t-ús san áireamh.

______________________________________________

______________________________